Fear Bréige an Fhómhair

Is píosa ceardaíochta an-simplí agus deas é an fear bréige seo agus bainfidh páistí de gach aois sult as é a dhéanamh.

De Dhíth

12 bata líreacán

Péint oráiste

Péint ar dhath craicinn

Píosa tuí

Súile 'googly'

Páipéar nó feilt oráiste

Bláth bréagach

Marcóir dubh

gliú

Céimeanna

1. Cuir 9 mbataí líreacán le chéile i líne
2. Greamaigh 2 bhata ar chúl, is féidir iad a ghearradh le nach mbeidh siad le feiceáil
3. Cuir péint ar an taobh gan bataí greamaithe leis le dath craicinn
4. Cuir péint oráiste ar an bhata atá fágtha
5. Greamaigh é seo leis an hata a dhéanamh agus cuir péint orásite ar an phíosa ar bharr sin
6. Greamaigh an tuí ar chúl leis an ghruaig a dhéanamh
7. Greamaigh triantán as an pháipéar oráiste le srón a dhéanamh
8. Greamaigh an bláth, na súile agus an srón ar an aghaidh
9. Tarraing miongháire mór air le marcóir dubh